Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2024/2028(DEC)

10.2.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

ar urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, Roinn IX – An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí
(2024/2028(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á thabhairt dá aire gur EUR 22 711 559 a bhí i mbuiséad oibriúcháin 2023 an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) agus, i gcomparáid le buiséad deiridh 2022, gur tháinig méadú 12 % ar an mbuiséad oibriúcháin; á chur in iúl gur geal leis, in 2023, gurbh é 96 % ráta cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ag MECS;
2. á thabhairt dá aire an líon méadaithe de chomhairliúcháin reachtacha ó MECS, as ar tháinig 82 chomhairliúchán reachtach foirmiúil, 54 thuairim agus 26 thrácht foirmiúil; á chur in iúl gur mór aige rannchuidiú MECS leis an obair reachtach, lena n-áirítear i gcomhar leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí; ag tabhairt dá aire go bhfuil ról méadaithe ag MECS san iliomad gníomhartha reachtacha nua, lena n-áirítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga, faoina mbeidh MECS ina údarás inniúil d'institiúidí, do ghníomhaireachtaí, d'oifigí agus do chomhlachtaí an Aontais, ina mbeidh cúraimí breise tarmligthe do MECS; ag cur béim ar an bhfíoras go n-éilíonn na freagrachtaí breise sin, arna dtarmligean ag na comhreachtóirí, acmhainní leordhóthanacha chun a áirithiú gur féidir le MECS a oibleagáidí a chomhlíonadh go héifeachtach;
3. á chur i dtreis ról MECS i maoirseacht a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais; ag tabhairt dá aire, agus é ina ábhar imní dó, fad na n-imeachtaí roimh MECS, toisc nár dhún MECS imscrúdú aonair in 2023, ach i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin in 2023, laghdaigh an líon fógraí thar 72 uair an chloig go suaithinseach;
4. á chur in iúl gur geal leis béim MECS ar a áirithiú go gcomhlíonann conraitheoirí seachtracha na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais, go háirithe i bhfianaise an úsáid a bhain MECS roimhe seo as cuideachtaí seachtracha a leanann, de réir rangú Ollscoil Yale, ar aghaidh de bheith ag oibriú sa Rúis; á chur in iúl gur mór aige go n-úsáideann MECS eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) chun faireachán a dhéanamh ar a fheidhmíocht i bhfianaise na bpríomhchuspóirí a leagtar amach i Straitéis MECS, a chuireann le hinoiriúnaitheacht do ghníomhaíochtaí a áirithiú i gcás inar gá agus chun úsáid éifeachtach acmhainní a mhéadú;
5. á chur in iúl gur cúis bhuartha dó an méadú suaithinseach atá tagtha ar chostais mhisin foirne MECS, ó EUR 28 789 in 2021 agus EUR 176 903 in 2022, go EUR 284 580 in 2023; á iarraidh ar MECS a mheasúnú an bhfuil na hacmhainní a chaitear ar mhisin á n-úsáid go hiomchuí agus go héifeachtach; á thabhairt dá aire gur scoir MECS de líon na misean arna gcistiú ag na heagraithe a phoibliú, mar aon le faisnéis maidir le cén t-aonad nó cén earnáil a ghlac páirt i ngach misean, rud a laghdaigh an trédhearcacht maidir le speansais mhisin; á iarraidh ar MECS an cleachtas seo a athbhunú.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach, nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH DE RÉIR COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	6.2.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 47 –: 8 0: 5
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Giuseppe Antoci, Jaume Asens Llodrà, Nikola Bartůšek, Krzysztof Brejza, Saskia Bricmont, Jaroslav Bžoch, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Branko Grims, Evin Incir, Irena Joveva, Erik Kaliňák, Marina Kaljurand, Fabienne Keller, András László, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Michael McNamara, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Petra Steger, Cecilia Strada, Georgiana Teodorescu, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Charlie Weimers, Sophie Wilmès, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Fredis Beleris, David Casa, Sigrid Friis, Markéta Gregorová, Hannah Neumann, Gaetano Pedulla', Sandro Ruotolo, Oliver Schenk, Alexander Sell, Bartłomiej Sienkiewicz, Malika Sorel, António Tânger Corrêa, Marco Tarquinio, Pekka Toveri, Loránt Vincze, Petar Volgin, Axel Voss, Michał Wawrykiewicz, Lucia Yar
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Bart Groothuis, Rima Hassan, Anja Hazekamp, Pär Holmgren, Sérgio Humberto, Evelyn Regner, Carla Tavares, Ingeborg Ter Laak

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA DE RÉIR AN CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

47	+
ECR	Georgiana Teodorescu
PPE	Magdalena Adamowicz, Fredis Beleris, Krzysztof Brejza, David Casa, Lena Düpont, Branko Grims, Sérgio Humberto, Oliver Schenk, Bartłomiej Sienkiewicz, Ingeborg Ter Laak, Pekka Toveri, Loránt Vincze, Axel Voss, Michał Wawrykiewicz, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Veronika Cifrová Ostrihoňová, Sigrid Friis, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Bart Groothuis, Irena Joveva, Fabienne Keller, Michael McNamara, Sophie Wilmès, Lucia Yar
S&D	Evin Incir, Marina Kaljurand, Juan Fernando López Aguilar, Evelyn Regner, Sandro Ruotolo, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Marco Tarquinio, Carla Tavares, Alessandro Zan
The Left	Giuseppe Antoci, Rima Hassan, Anja Hazekamp, Gaetano Pedulla'
Verts/ALE	Jaume Asens Llodrà, Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Pär Holmgren, Erik Marquardt, Hannah Neumann

8	-
PfE	Nikola Bartůšek, Jaroslav Bžoch, Marieke Ehlers, András László, Malika Sorel, Petra Steger, António Tânger Corrêa, Tom Vandendriessche

5	0
ECR	Charlie Weimers
ESN	Alexander Sell, Milan Uhrík, Petar Volgin
NI	Erik Kaliňák

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh